# Scrúdú TEG
# Leibhéal B1
# An Scrúdú Cainte – Treoirlínte

Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas

Institiúid Oideachais Marino

# An Scrúdú Cainte

## Eolas Ginearálta

- Bíonn beirt scrúdaitheoirí i gceist. Beidh scrúdaitheoir amháin ag díriú ar mheasúnú amháin i rith an scrúdaithe agus ní ghlacfaidh sé/sí páirt sa chomhrá. Beidh an scrúdaitheoir eile ag faire ar chaighdeán an iarrthóra freisin, ach cuirfidh an scrúdaitheoir sin ceisteanna ar an iarrthóir agus socróidh sé na tascanna a bheidh le déanamh ag an iarrthóir.
- Déantar taifead ar gach scrúdú cainte.

| Cuid | Am | Saghas Taisc |
|---|---|---|
| 1 | 5 nóiméad | Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir faoina g(h)náthshaol laethúil (áit chónaithe, teaghlach, cúrsaí oibre, caitheamh aimsire, pleananna do laethanta saoire, cúrsaí staidéir srl.) |
| 2 | 1 nóiméad ullmhúcháin<br><br>3-4 nóiméad | Rólghníomhaíocht (1) Tugtar cárta rólghníomhaíochta don iarrthóir sa scrúdú. Tá eochairfhocail ar an gcárta a bhaineann le cásanna (*scenarios*) éagsúla (eachtraí/pleananna/taithí srl.). Tugtar nóiméad amháin d'iarrthóirí leis an eolas a léamh. Caithfidh iarrthóirí ceisteanna an scrúdaitheora a fhreagairt maidir leis an eolas ar ag gcárta. (2) Beidh cárta rólghníomhaíochta ag an scrúdaitheoir agus eolas air maidir le hábhar den chineál céanna is atá ar chárta an iarrthóra. An uair seo, cuirfidh an t-iarrthóir ceisteanna ar an scrúdaitheoir maidir leis an eolas atá ar a c(h)árta. Féach ar na hábhair shamplacha. |
| 3 | 1 nóiméad ullmhúcháin<br>3-4 nóiméad | Scéal simplí a insint: Tugtar 6 phictiúr don iarrthóir agus tá nóiméad amháin aige / aici chun staidéar a dhéanamh orthu. Ansin, déanann an t-iarrthóir cur síos ar a bhfuil ag tarlú sna pictiúir. |

**Sampla de chárta Rólghníomhaíochta:** http://www.teg.ie/_fileupload/exams/B1_s.pdf

# An Scrúdú Cainte

## Cuid 1

- Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann tuairimí simplí ar na hábhair a thabhairt, chomh maith le cur síos a dhéanamh ar na rudaí a tharla dóibh (An Aimsir Chaite) agus ar na pleananna atá acu (an Aimsir Fháistineach).
- Moltar d'iarrthóirí freagraí gearra a sheachaint ach cúiseanna agus samplaí a fhorbairt agus a gcuid freagraí a fhorbairt fad agus is féidir.

## Cuid 2

- Tabharfar cárta rólghníomhaíochta don iarrthóir sa scrúdú cainte agus míneoidh an scrúdaitheoir an tasc don iarrthóir. Tabharfar nóiméad amháin don iarrthóir an t-eolas ar an gcárta a léamh.
- Ba cheart d'iarrthóirí a gcuid freagraí a bhunú ar an eolas a thugtar dóibh ar an gcárta agus iad ag freagairt ceisteanna an scrúdaitheora.
- Nuair a bheidh an chéad chuid den tasc críochnaithe, tabharfar deis don iarrthóir ceist a chur ar an scrúdaitheoir maidir leis an eolas atá ar chárta an scrúdaitheora. Beidh an t-eolas ar chárta an scrúdaitheora ar an ábhar céanna is atá ar chárta an iarrthóra, ach beidh sonraí difriúla ann.

# Cuid 3

- Tabharfar pictiúr, grianghraf, cartún nó roinnt pictiúr, grianghraf nó cartún don iarrthóir ina mbeidh léiriú ar ghnáth-chásanna an tsaoil laethúil.
- Tugtar nóiméad amháin d'iarrthóirí breathnú ar na pictiúir sula n-iarrtar orthu cur síos a dhéanamh ar an méid atá le feiceáil.
- Ba cheart d'iarrthóirí cur síos iomlán a thabhairt ar na daoine sna pictiúir agus/nó ar an méid atá ag tarlú. Ní bheifear ag súil leis go mbeidh iarrthóirí in ann cur síos a dhéanamh ar chomhthéacs an phictiúir ná ar cheisteanna ginearálta a ardaítear iontu. Níor cheart d'iarrthóirí tagairt a dhéanamh do rudaí nach léirítear sna pictiúir féin.
- Ní bheifear ag súil leis go mbeidh iarrthóirí in ann stór focal sainiúil a úsáid (mar shampla, na codanna go léir de rothar). Bronnfar marcanna, áfach, orthu siúd atá in ann straitéisí a úsáid nuair nach bhfuil an focal acu nó nuair a dhéanann siad dearmad ar fhocal, trí rud éigin a rá ar bhealach eile.
- Beifear ag súil leis go mbeidh iarrthóirí in ann a gcumas a léiriú maidir le píosa leanúnach cainte a eagrú agus a thabhairt.

# An Córas Marcála

- Sa scrúdú cainte ag TEG Leibhéal 1, bronnann na scrúdaitheoirí marcanna de réir cúig chritéir anailíseacha: Stór Focal, Gramadach, Foghraíocht, Líofacht agus Cumarsáid.
- Tá dhá ghné de chumas cumarsáideach ann. (1) inniúlacht an iarrthóra plé go héifeachtach le comhrá bunúsach, cé go bhfuil a stór focal an-teoranta, mar shampla, trí iarraidh ar dhuine an méid a dúirt siad a rá arís nó a shoiléiriú, ag cur in iúl nach dtuigeann siad srl. (2) Scrúdaítear inniúlacht an iarrthóra teagmháil shóisialta bhunúsach a dhéanamh trí fhoirmeacha cainte a úsáid chun beannú do dhuine nó chun slán a fhágáil, cead a lorg, buíochas a ghabháil, leithscéal a ghabháil srl.
- Moltar go láidir nach bhfoghlaimíonn iarrthóirí freagraí de ghlanmheabhair don chuid seo den scrúdú cainte.
- Maidir le dátaí na scrúduithe cainte TEG, féach:

http://www.teg.ie/maidir-le-scr%C3%BAduithe/cl%C3%A1raigh-do-scr%C3%BAd%C3%BA.221.html